# Cairde na scoile Nuachtlitir

**16-04-2015**

*A thuismitheoirí, a chairde,*

*Tá na ticéid do **Chóisir Cheol na nOchtóidí**, a bheidh ar siúl in Óstán an Carnegie Court, Aoine an 24ú Aibreán ar díol ó Linda san oifig nó ó Chairde idir 1.30 & 2.30 gach lá. Rachaidh clúdaigh litreacha sna málaí ar an Luan seo chugainn más mian leat iad a cheannach ar an slí sin.*

*Seo príomh imeacht na scoile i mbliana chun airgead a ghnóthú don scoil ar mhaithe le dromchla uile aimsire níos fairsinge a bheith againn maraon le cur le córas TEC na scoile agus córas leabharlainne leictreonach a chur i bhfeidhm. €30 an praghas ar thicéid agus beidh ceol beo, DJ, bia te agus síneadh ar an mbear. Beidh duaiseanna den scoth ar fáil sa chrannchur abheidh ar siúl ar an oíche. Fáilte romhat gléasadh in éadaí na nOchtóidí ach n il aon iachall ort!*

***Rith do GSBB***
*Tosóidh an traenáil don RITH do GSBB ar an gCéadaoin, an 22-04-15, ag 8.00i.n. i gcarrchlós na scoile. Beidh Stuart Ruiséil i mbun traenála arís i mbliana chun gach éinne a ullmhú don rás mór ar an Satharn, an **30-05-15**, i Mullach Íde. Tá fáilte roimh gach éinne pairt a ghlacadh sa traenáil, bíodh rith, sodar nó siúil i gceist! Beidh cártaí urraíochta ar fáil ón oifig nó ag na seisiúin traenála.*

***Siúlóid Bhliantúil***
*Beidh an tSiúlóid Bhliantuil ar siúl ar an Domhnach, an 7-06-15, i mBaile Anraí, Sord. Seolfar amach a thuilleadh eolais ar ball.*

***Bailiúchán Éadaí***
*Beidh an chéad bhailiúchán eile ar siul idir an 8ú & 12ú Meitheamh. D'éirigh linn €1000 a bhailiú don scoil go dtí seo. Seo an bailiúchán deireannach don scoilbhliain seo agus beidh málaí ar fáil ón oifig.*

***Go Raibh Míle Maith Agaibh.***

***Cairde na Scoile***